GX1970

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 1999 / 2000

STAIDÉAR SOCHEOLAÍOCHTA & POLAITIÚIL

AN CHÉAD BHLIAIN

An tOllamh Huw Beynon
An tOllamh Palle Svensson
An tOllamh Chris Curtin
An Dr Niall Ó Dochartaigh
An Dr George Taylor
Breandan Flynn

SP102/104 RÉAMHCHÚRSA SA PHOLAITÍOCHT/AN PHOLAITÍOCHT IN ÉIRINN

Am a cheadaítear: Trí hUaire an Chloig
Freagraítear TRÍ Cheist

1. Céard iad na príomhthéamaí is bonn do stát leasa na ndaonlathaithe sóisialta.
Cén ceistiú a rinneadh orthu le blianta beaga anuas.

2. Déan measúnú géar ar an gcomhshaolachas mar idé-eolaíocht pholaitiúil

3. Scrúdaigh bunghnéithe an liobrálachais. Cén locht a bheadh ag lucht an choimeádachais ar a leithéid de dhearcadh.

4. "Tá an ciníochas agus an imirce ag teacht i dtreis go mór anois mar mhórcheisteanna polaitiúla i bPoblacht na hÉireann." É seo a phlé.

5. *"The Irish are an increasingly unpredictable mob of voters, although still divided by a bitter civil war and obsessed in their preferences for charismatic local personalities. Consequently, neither ideology nor party matter much for the Irish voter."* Cé mhéad den fhírinne atá sa chur síos seo ar thoghlach na hÉireann.

6. An gceapann tú go dteastaíonn córas nua toghchánaíochta in Éirinn? Cuir san áireamh i do fhreagra buntáistí agus míbhuntáistí an chórais atá againn faoi láthair, agus fiúntas agus lochtanna a bheadh ar aon leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh.

7. An í Státseirbhís na hÉireann 'fíor-rialtas na hÉireann'?

8. Cén fáth a bhfuil rialtais áitiúla chomh lag agus atá in Éirinn, agus cén tionchar a bhíonn aige seo ar an daonlathas?

9. "Ní féidir sochaí atá chomh deighilte agus atá Tuaisceart Éireann a rialú de réir phrionsabal simplí rialú an tromlaigh." An cheist seo a phlé maidir leis na struchtúir rialtais atá, agus a bhí, sa Tuaisceart.

10. "Má dhéanann eagraíochtaí paramíleatacha díchoimisiúnú ar a gcuid airm, agus má dhéantar leasú ar na fórsaí póilíneachta ann, beidh dhá príomhúdair aighnis á gcealú i dTuaisceart Éireann" É seo a phlé.